



General Certificate of Secondary Education
Summer 2018

Uimhir Lárionaid

--	--	--	--	--

Uimhir Iarrthóra

--	--	--	--

Matamaitic

Aonad T5 Páipéar 1
(Gan Áireamhán)

Bonnsraith



[GMT51]

GMT51

DÉARDAOIN 7 MEITHEAMH, 9.15am–10.15am

AM

1 uair an chloig.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Ní mór duit na freagraí a scríobh sna spásanna chuige sin.

Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach, ar leathanaigh bhána nó ar rianpháipéar.

Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**

Freagair **gach ceann** de na **sé cheist déag**.

Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin. Is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

Níl cead agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na lámhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Déanfar Eilimintí Feidhmeacha a mheasúnú sa pháipéar seo.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **10**.

Ba chóir duit rialóir, compáis agus uillinntomhas a bheith agat.

Tá an Bhileog Foirmilí ar leathanach 2.


11207.04




20GMT5101

Bileog Foirmlí

Achar traipéisiam = $\frac{1}{2}(a+b)h$



Toirt phriosma = achar trasghearrtha \times fad





LEATHANACH BÁN
NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO
(Tosaíonn ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

[Tiontaigh an leathanach

11207.04



20GMT5103

- 1 (a) **Déan meastachán** ar mheáchan iomlán 83 carr a bhfuil meáchan 1.85 tonna i ngach ceann acu.

Freagra _____ tonna [2]

- (b) **Déan meastachán** ar an líon clogad rothaíochta, a bhfuil costas £5.85 an ceann orthu, is féidir a cheannach ar £50

Freagra _____ [2]



2

AN DRAOI TAISTIL

Déan mise a fhostú don chóisir páistí agat

Costas £55 ar sheó

Móide £4 an páiste

Costas taistil: 50p an míle

Fostaíonn Hazel an draoi taistil dá cóisir páistí.

Tá 10 páistí ann.

Taistealaíonn an draoi fad slí 20 míle.

Cá mhéad a chosnóidh sé do Hazel?

Freagra £ _____ [3]

[Tiontaigh an leathanach

11207.04



20GMT5105

3

A

$$3 + x = 1$$

B

$$3x + H + 11$$

C

$$H = 3x + 11$$

Cé acu ceann de A, B, C

(a) ar slonn é,

Freagra _____ [1]


(b) ar foirmle é?

Freagra _____ [1]




4

Patrún 1



- (a) Cá mhéad líne shiméadrachta atá ag Patrún 1? Freagra _____ [1]
- (b) Cad é ord na siméadrachta rothlaí de Phatrún 1? Freagra _____ [1]

Patrún 2



- (c) Cá mhéad líne shiméadrachta atá ag Patrún 2? Freagra _____ [1]
- (d) Má chuirtear J in áit H i bPatrún 2, cá mhéad líne shiméadrachta a bheidh ag an phatrún nua? Freagra _____ [1]
- (e) Cad é an litir a d'fhéadfadh dul in áit \times nó H i bPatrúin 1 agus 2 le líne shiméadrachta amháin go díreach a thabhairt? Tarraing an litir go beacht i spás an fhreagra. Freagra _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

11207.04



20GMT5107

5 (a) Scríobh na toisí seo in ord ón cheann is giorra go dtí an ceann is faide.

2 through

2 shlat

2 orlach

2 mhíle

Freagra _____, _____, _____, _____ [1]

(b) Scríobh na toisí seo in ord ón cheann is éadroime go dtí an ceann is troime.

3 thonna

3 unsa

3 chloch

3 phunt

Freagra _____, _____, _____, _____ [1]

6 Deir Keith go bhfuil $4 + 14 \div 2 = 9$

Deir Eric go bhfuil $4 + 14 \div 2 = 11$

Cé atá ceart?

Taispeáin do chuid oibre go soiléir.

Freagra _____ mar _____

_____ [2]



7 Tá uachtar reoite á ordú ag Breena.

Ní mór di blas agus an dóigh a bhfuil sé curtha ar fáil a roghnú.

Thig léi Cíor Mheala, Sú Talún nó Fanaile a ordú.

Thig léi é a fháil i gCón, in Abhlann nó i dTobán.

(a) Liostaigh na roghanna féideartha uilig a thig léi a dhéanamh.

[2]

(b) Cad é an dóchúlacht go roghnóidh Breena uachtar reoite Fanaile?

Freagra _____ [1]

8 (a) Déan meastachán ar $\sqrt{3}$ Freagra _____ [1]

(b) Scríobh 26.873 go dtí 1 ionad deachúlach. Freagra _____ [1]

(c) Scríobh 19.897 go dtí 2 ionad dheachúlacha. Freagra _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach


11207.04



20GMT5109

9 Tá scaireanna ag Annette i gcomhlacht.

Tarraingíonn sí graf leis an scairphraghas a thaispeáint ag deireadh gach lae ar feadh 9 lá.



11207.04



20GMT5110

(a) Cad é an difríocht in £ idir praghas Lá 1 agus praghas Lá 9?

Freagra £ _____ [2]

(b) Tá an scairphraghas ar Lá 10 dhá oiread an scairphraghas ar Lá 1

Breac praghas Lá 10 ar an ghraf. [1]

(c) Smaoinigh Annette ar a cuid scaireanna a dhíol.

Cé acu ceann de na 10 lá ar chóir di a cuid scaireanna a dhíol? Mínigh do fhreagra.

Freagra Lá _____ mar _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach



Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.

10 Anseo thíos tá 3 fhoirmle dhifriúla do T:

Foirmle 1 $T = a + b$

Foirmle 2 $T = \frac{a}{b}$

Foirmle 3 $T = ab$

Cé acu foirmle a thugann an luach is mó do T nuair atá $a = -6$ and $b = 2$?

Taispeáin do chuid oibre uilig go soiléir.

Freagra Foirmle _____ [3]

11 $P = 3L + 2W$

Faigh luach W nuair atá $P = 84$ agus $L = 20$

Freagra _____ [3]





LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

[Tiontaigh an leathanach


11207.04




20GMT5113

12 Imríonn triúr cairde cluiche le dhá rothlóir neamhchlaonta.

Tá na rothlóirí uimhrithe 1, 3 agus 5 agus 4, 5 agus 6



Rothlóir A



Rothlóir B

Rothlaítear gach ceann de na rothlóirí agus suimítear na huimhreacha le chéile.

(a) Comhlánaigh an tábla leis na scóir iomlána fhéideartha uilig a thaispeáint.

		Rothlóir B		
+		4	5	6
1				
Rothlóir A 3				
5				

[2]



(b) Más ré-uimhir é an t-iomlán, is í Niamh an buaiteoir.

Más é 7 nó 9 an t-iomlán, is é Sam an buaiteoir.

Más iolraí de 3 é an t-iomlán, is é Tom an buaiteoir.


Cé an duine is dóchúla a bheidh mar bhuaiteoir? Mínigh do fhreagra go soiléir.

Freagra _____ mar _____
 _____ [2]

(c) Cad é an dóchúlacht nach mbainfidh duine ar bith de na cairde i gcluiche?

Freagra _____ [1]

13



Is ionann achar na cearnóige agus achar an chomhthreomharáin.


Cad é luach h , airde ingearach an chomhthreomharáin?

Freagra _____ cm [3]

[Tiontaigh an leathanach



14 Bain úsáid as fachtóir scála 2 ón lár A leis an chruth seo a mhéadú.



[3]

15 Oibrigh amach an luach atá ar iarraidh i ngach ceann acu seo a leanas.

(a) $t^4 \times t^3 = t \square$

[1]

(b) $(p^3)^3 = p \square$


[1]

(c) $\frac{y^{16}}{y^4} = y \square$

[1]



16 Gan ach rialóir agus compáis in úsáid agat, tóg líne ón phointe C leis an líne AB a thrasnú ar dronuillinn. Fág do chuid stuanna tógála uilig ann.



[2]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR



LEATHANACH BÁN
NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

11207.04



20GMT5118





LEATHANACH BÁN
NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

11207.04



20GMT5119

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	
13	
14	
15	
16	

Marc Iomlán	
--------------------	--

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

11207.04



20GMT5120